GAEILGE 24

Speak Irish for a day

300 Scoil - 30,000 Dalta
Lá Amháin - Gaeilge gan stad
An mBeidh do Scoil Páirteach???

Múinteoirí
97%
SÁSTA
Suirbhé 2016*

*Dúirt 96.9% de mhúinteoirí a rinne an suirbhé go ndéanfaidis Gaeilge24 arís

Colaiste Phobal Ros Cré le linn #Gaeilge24 anuraidh

Labhair Gaeilge liom inniu!

An Dúshlán:

Daltaí scoile a spreagadh le labhairt as Gaeilge amháin ar feadh 24 uair a' chloig
• sa bhaile • ar scoil • le cairde & clann
• le siopaí • timpeall an bhaile • gach áit!

An Dáta:

SAMHAIN
14

Dé Máirt
14/11/2017
Nó lá eile a oireann don scoil an tseachtain sin

www.cnag.ie/Gaeilge24

#Gaeilge24

facebook.com/Gaeilge24

Conradh na Gaeilge
Uimhir Charthanachta : CHY 3094

GAEILGE 24
Speak Irish for a day

Mic Léinn ó Ollscoil Mhá Nuad

Gaelscoil Riabhach sona sásta leis na t-léinte nua

Céard í an aidhm?

Seo í an cúigiú bliain de Gaeilge24. Bíonn níos mó scoileanna páirteach ann gach bliain agus is breá leis na daltaí an dúshlán.

Is í aidhm an dúshláin seo ná daoine óga a spreagadh chun labhairt as Gaeilge amháin ar feadh 24 uair a' chloig: sa bhaile, ar scoil, le siopaí agus gnólachtaí, timpeall an bhaile, le cairde, sa chlub spóirt nó óige agus eile!

Cuideoidh sé le hintinn na ndaoine óga a oscailt agus eispéireas dearfach a thabhairt dóibh maidir le húsáid na Gaeilge ina saol féin.

Beidh na mílte ag glacadh páirte ann arís i mbliana. Táimid ag tnúth le breis is 300 scoil agus 30,000 dalta in 2017.

Gheobhaidh gach dalta smaointe agus frásaí don lá chomh maith leis an bpacáiste seo ---->

Múinteoirí Sásta!

Lá Fómhair i Meánscoil Chnoc na Labhras

Cén fáth gur chóir dúinn páirt a ghlacadh?

An Scrúdú Béil - Béim faoi leith ar labhairt na Gaeilge
Cabhróidh Gaeilge24 le gach dalta sinsearach atá ag ullmhú don scrúdú béil (ar fiú 40% de mhóriomlán na marcanna san Ardteist anois). Cuirfidh lá iomlán de labhairt as Gaeilge go mór le stór focal dalta ar bith.

Teanga bheo bhríomhar - taobh amuigh den seomra ranga
Is deis faoi leith atá ann an Ghaeilge a thabhairt amach ón seomra ranga Gaeilge. D'fhéadfaí ábhair scoile eile a mhúineadh trí Ghaeilge, nó Lá Spóirt nó turas a eagrú trí Ghaeilge.

Normalú a dhéanamh ar an nGaeilge - taobh amuigh den scoil
Déantar normalú ar an teanga trí nascadh le gnólachtaí agus le siopaí le Gaeilge, le grúpaí Gaeilge áitiúla, agus le seirbhísí stáit le Gaeilge. Tá an-deis ann taispeáint gur féidir le duine ar bith a saol a chaitheamh trí Ghaeilge.

Bhí 240 dalta páirteach i gColáiste Éinde

Cairde ag Gaeilgeoireacht i nGaelcholáiste Reachrann

Conradh na Gaeilge
Uimhir Charthanachta : CHY 3094

www.cnag.ie/Gaeilge24

An Pacáiste:

GAEILGE 24
Speak Irish for a day

Céard a fhaigheann na daltaí le cabhrú leo ar an lá???
Táimid ag iarraidh ar gach dalta €10 / £9 a bhailiú don charthanacht.
Gheobhaidh gach dalta atá ag bailiú airgid an pacáiste thíos.

1. T-léine

6 thomhas éagsúla
5-6bl, 7-8bl, 9-11bl (S), 12-13bl (M), L, XL

+

2. Banda Láimhe

Banda
♥ AN GHAEILGE
Taobh eile:
IS LEATSA Í

+

3. Teastas

Teastas don dalta
Seolfar an teastas seo ag deireadh an dúshláin nuair a bhailítear an t-airgead

+

4. Smaointe & Frásaí don Lá

Leabhrán
8 Leathanach
le frásaí
& smaointe

+

5. Cárta Urraíochta

Cárta Urraíochta & eolas faoin lá don dalta

Cé mhéad dalta / t-léine?

Is féidir le scoileanna idir bheag agus mhór páirt a ghlacadh - chláraigh roinnt scoileanna le 500+ dalta anuraidh, agus ghlac scoileanna eile le 20 dalta páirt. D'fhéadfadh rang amháin clárú le Gaeilge24, nó an scoil ar fad más fearr libh!

Ní gá na sonraí deireanacha ná líon na dt-léinte a thabhairt dúinn go fóill. B'fhearr clárú anois agus na sonraí ar fad a sheoladh ar aghaidh chugainn roimh 26 Deireadh Fómhair 2017.

Seolfaimid an pacáiste chuig an scoil seachtain roimh an dúshlán. Cuirfear greamáin LABHAIR GAEILGE LIOM INNIU sa phacáiste i gcomhair múinteoirí eile sa scoil.

Scoil Náisiúnta Chill Chóiche, Co. Chorcaí réidh don lá

Meánscoil Naomh Genevieve, Béal Feirste

#Gaeilge24

facebook.com/Gaeilge24

Conradh na Gaeilge
Uimhir Charthanachta : CHY 3094

GAEILGE 24
Speak Irish for a day

AISEOLAS

Ar mhaith leat cúpla focal a rá faoi Gaeilge24?

"Bhí lá iontach againn! Bhain gach duine sult agus tairbhe as an lá!
D Kelpie, Coláiste Phádraig, Dún Geimhin, Co. Dhoire"

"Bhí rath nach beag ar na himeachtaí a d'eagraigh muid do Gaeilge24. Bhain na daltaí 'is múinteoirí sult as. Spreag an ócáid na daltaí a gcuid Gaeilge a úsáid agus a chleachtadh lasmuigh den seomra ranga.
Paula Uí Annagáin, Coláiste Naomh Ciarán"

"Spreag Gaeilge24 an-spiorad go deo idir na daltaí agus na múinteoirí a ghlac páirt san ócáid anseo i gColáiste Éinde sa Ghaillimh. Bhí spraoi agus craic ag baint leis an lá agus thug sé ardú céime don Ghaeilge, gan aon agó. Bhí bród mór le brath ó chách agus fiú dúirt múinteoirí nár ghlac páirt ann i mbliana gur bhreá leo a bheith rannpháirteach an chéad bhliain eile!
Tammy Ní Laoire, Coláiste Éinde, Gaillimh"

Scaipeadh suirbhé ar gach scoil a bhí páirteach i Gaeilge24 trí rphost

Cár chuala tú faoi Gaeilge24?



Tá súil againn teastais a chur ar fáil do gach dalta a ghlacann páirt amach anseo le hainm an dalta & ainm na scoile. An gcabhróidh teastas leis na daltaí a spreagadh?



An ndéanfá G



An aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir leis an bpacáiste?



Cén saghas imeachtaí

- Céilí mór
- Seó Tallainne
- Tóg Amach Mé & Tráth n
- Maidin caife rialta socra shóisialta a bhrú chun c
- Ranganna corpoideacha reáchtáil go Gaelach
- Scóráil sciobtha (caint s sinsearach agus sóisear
- Bhí ár gcéad Tae agus Pl tháinig slua mór le feic again ar an lá.
- Ionad Spóirt le gach im

Bunaithe ar an aiseolas ó 2016 tá cúpla rud le hathrú againn:

*1 Dúirt 84% gur
*2 Dúirt 6% gur n

Conradh na Gaeilge
Uimhir Charthanachta : CHY 3094

www.cnag.ie/Gaeilge24

s ó 2016

GAEILGE 24
Speak Irish for a day

"B'iontach an ócáid í a léirigh do na daltaí nach ábhar scoile í an Ghaeilge ach gur teanga laethúil í a úsáidtear ó cheann ceann na tíre.
Máirtín Ó Gormlaithe, Scoil an Leasa Mhóir, Co. Ard Mhacha"

"Bhí fuinneamh thar na bearta i dtaobh na Gaeilge ar an lá. Bhí cuma ghleoite ar gach páiste ó Rang 1 - Rang 6 sna t-léinte. Maith sibh."

"Rinne Coláiste Mhuirlinne ceangail le Coláiste an Chréagáin agus Gaeilge24 mar aidhm acu. Níl iontas ar bith ann gur thaitin an lá ar fad leis an dá scoil. Bhí meascán rudaí ar siúl idir dhamhsa na scuaba sa halla, chéilí agus chócaireacht, uilig trí Ghaeilge. Cinnte caithfear rá go bhfuilimíd ag tnúth go mór le Gaeilge24 2017 an bhliain seo chugainn! Mar a deir an seanfhocal 'Beatha teanga í a labhairt' agus cinnte d'úsáid siad Gaeilge den chuid is mó.
Nóirín Ní Fhlátharta, Coláiste Mhuirlinne"

agus mar chuid den admháil. Seo thíos cuid de na freagraí agus moltaí:

Gaeilge24 arís sa scoil?

a bhí fiúntach ar an lá?

- Siulóid Cómhra
- Biongó & Tráth na gCeist
- na gCeist
- ithe chun an ghné
- inn.
- ais/tíos/ceoil/ealaíne a
- ciobtha) idir ranganna
- acha.
- lé againn ar an lá agus
- éail céard a bhí ar siúl
- eacht trí Ghaeilge

An aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?



Cé chomh cabhrach is a bhí na nithe áirithe seo don phacáiste?



mhaith leo teastas a fháil; seolfaimid teastas oifigiúil Gaeilge24 chuig gach dalta a ghlacann páirt sa lá
nhaith leo an pacáiste a fháil níos luaithe; cinnteoimid go bhfuil na pacáistí libh 2 lá scoile roimh an dúshlán

#Gaeilge24

facebook.com/Gaeilge24

Conradh na Gaeilge
Uimhir Charthanachta : CHY 3094

GAEILGE 24
Speak Irish for a day

300 páirteach idir dhaltaí & mhúinteoirí i nGaelcholáiste Reachrann

Múinteoirí réidh don lá

10 Smaoineamh don Mhúinteoir:

1. Leag amach clár ama don lá le go leor rudaí éagsúla ag tarlú sa scoil as Gaeilge
2. Déan bratfhógra mór & póstaeir don scoil faoin lá
3. Tabhair greamáin do gach múinteoir gur féidir leo labhairt as Gaeilge
4. Déan seoladh oifigiúil sa scoil le haoichainteoir áitiúil le Gaeilge
5. Cuir scéal chuig stáisiúin raidió áitiúla faoin dúshlán sa scoil
6. Lá Spóirt as Gaeilge / turas as Gaeilge nó físeán ceoil a thaifeadadh as Gaeilge
7. Eagraigh cluichí ar nós Scrabble, Comhaireamh Síos, An Crochadóir as Gaeilge
8. Can amhráin i nGaeilge i lár an bhaile
9. Scaip bileoga le frásaí úsáideacha ar shiopaí áitiúla is ar thuismitheoirí. Mínigh go bhfuil ról ag gach duine an dúshlán a chur i gcrích (is féidir le daltaí siopaí a roghnú mar thionscnamh / obair bhaile sna seachtainí roimh ré)
10. Nasc le scoileanna eile atá ag tabhairt faoin dúshlán don lá - Skype as Gaeilge

Réidh don dúshlán i nGaelcholáiste Chomáin, Co. Mhaigh Eo

An Seó Bóthair i gColáiste Chill Chainnigh

Spraoi sa rang ealaíne trí Ghaeilge

Féinphic i Scoil Náisiúnta Cluain Caoin

Meánscoil an Churraigh, Co. Chill Dara

Breis is 150 scoláire ó Phobalscoil Naomh Mharcas, Tamhlacht

Cluichí Boird i Scoil Náisiúnta Chill Chóiche

An Chuallacht, Oilscoil Mhá Nuad le linn Gaeilge24

Foireann CnaG ag baint sult as an lá

Slua oilmhór páirteach sa lá i gColáiste na Croise agus na Páise, Co. Chill Dara

Conradh na Gaeilge
Uimhir Charthanachta : CHY 3094

www.cnag.ie/Gaeilge24

Cá dTéann an Brabús?

GAEILGE 24
Speak Irish for a day

Tabharfar gach brabús do Chonradh na Gaeilge chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge ar fud na hÉireann. Tá Conradh na Gaeilge cláraithe mar charthanacht: Uimhir Charthanachta: CHY 3094.

Le cúpla bliain anuas, chabhraigh an brabús ó Gaeilge24 le:

CEOL 2017
le Raidió Rí-Rá a thaifeadadh & a dháileadh ar gach scoil

Feachtas An Dream Dearg
Feachtas dírithe ar Acht Gaeilge a bhaint amach ó thuaidh

Gaelbhratach
Scéim spreagtha d'iarbhunscoileanna atá á forbairt chuile bhliain i gcomhpháirt le Gael Linn

#Dúshlan
Feachtas nua dírithe ar scoileanna - bhí 50 dushlán le déanamh laistigh de 50 uair a' chloig

Raidió Rí-Rá
Forbairt ar an stiúideo & sceideal BEO

AN DREAM DEARG

& go leor leor eile....

Tae & Plé i Scoil Phobail Chionn tSáile

Slua ollmhór páirteach i nGaelcholáiste Chiarraí

Lá Spóirt as Gaeilge i Scoil Náisiúnta Cluain Caoin

An scoil ar fad lena dt-léinte nua i Meánscoil San Gearóid, Cill Mhantáin

Ag dabbáil as Gaeilge i bPobalscoil na hAbhann Móire

#Gaeilge24

facebook.com/Gaeilge24

Conradh na Gaeilge

GAEILGE 24
Speak Irish for a day

SAMHAIN 14

Dé Máirt 14/11/2017

Nó lá eile a oireann don scoil an tseachtain sin

CLÁRAIGH ANOIS

Cláraigh do scoil ar líne
www.cnag.ie/Gaeilge24

Gaeilge24@cnag.ie | +353 (0)1 4757401

1.Is gá spéis a léiriú roimh 19/10/2017 chun cártaí urraíochta a fháil
2. Is gá uimhreacha a dheimhniú roimh 26/10/2017 le cinntiú go bhfaighidh gach dalta pacáiste

Nó is féidir clárú sa phost leis an bhfoirm seo

(Líon an fhoirm i gCEANNLITREACHA le do thoil)

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

_____

Ainm an Mhúinteora: _____

Uimhir Ghutháin Póca: _____

Ríomhphost Pearsanta: _____

Líon na ndaltaí ag glacadh páirte: [ ]
(Seolfaimid beart chuig an scoil leis an méid seo cártaí urraíochta go luath)

Líon T-léinte san iomlán: [ ]

Páistí : ___ 5-6 ___ 7-8 ___ 9-11 (S) ___ 12-13 (M)

Fásta: ___ Mór (L) ___ An-Mhór (XL)

1. Cláraigh linn chomh luath agus is féidir le cártaí urraíochta a fháil sa phost go luath
2. Mura bhfuil na sonraí thuas agat go fóill, is féidir iad a dheimhniú linn roimh Déardaoin 26/10/17; **beidh na tléinte á n-ordú ar an lá sin.**
3. Gheobhaidh gach dalta atá ag bailiú airgid an pacáiste (t-léine, banda láimhe, teastas & smaointe / frásaí don lá). Seolfaimid an pacáiste chuig an scoil seachtain roimh an dúshlán. Seolfaimid na teastais chuig an scoil i ndiaidh an dúshláin nuair a sheoltar an t-airgead a bailíodh ar an lá ar ais chugainn.
4. Déan teagmháil linn le huimhreacha a dheimhniú nó le ceist ar bith: +353 (0)1 4757401 | Gaeilge24@cnag.ie

Síniú: _____ Dáta: _____

Seol an t-iarratas roimh Déardaoin, 19 Deireadh Fómhair 2017, chuig:
GAEILGE 24, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 nó chuig Gaeilge24@cnag.ie